Scéim Siúlóidí

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Réamhrá

Sheol Éamon Ó Cuív, TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta,Scéim Siúlóidí ar an 4ú Márta 2008. Tá an scéim dírithe ar fheirmeoirí/úinéirí talún príobháideacha agus ar shealbhóirí/úsáideoirí talún agus tá obair forbartha, feabhsaithe agus chothabhála ar na Slite Náisiúnta Slímharcáilte agus ar na siúlóidí tosaíochta i gceist léi.

Scéim náisiúnta is ea í atá oscailte do na sealbhóirí go léir a bhfuil talamh acu ar na Slite Náisiúnta Slímharcáilte, ar na Bealaí Siúlóide Lúibe agus ar na Bealaí Oidhreachta chomh maith le cosáin eile atá faofa ag Oifig na gCosán Náisiúnta. Feidhmeoidh an scéim ar shlite a mbeidh comhaontú faighte i leith fhad iomlán na siúlóide agus sa chás sin amháin agus ní chuirfear an scéim i bhfeidhm ar chuid de shiúlóid.

Tá an scéim á riar ag Cuideachtaí Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla (Cuideachtaí LEADER mar a bhíodh) le cabhair ó Oifig na gCosán Náisiúnta i gComhairle Spóirt na hÉireann agus Fáilte Ireland agus i gcomhar le coistí bainistíochta siúlóide áitiúla agus le hÚdaráis Áitiúla ar son na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Breac-chuntas ar an scéim chun Slite Slímharcáilte agus príomhchosáin cheadaitheacha a fhorbairt, a fheabhsú agus a choinneáil i gcaoi mhaith

1. Glaofar An Scéim Siúlóide ar an scéim.

2. Tá an scéim dírithe ar fheirmeoirí/úinéirí talún príobháideacha agus ar shealbhóirí/úsáideoirí[1] talún agus beidh sí á riar ag Cuideachtaí Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla (Cuideachtaí LEADER mar a bhíodh) (CLFÁ) le cabhair ó Oifig na gCosán Náisiúnta i gComhairle Spóirt na hÉireann agus Fáilte Ireland agus i gcomhar le coistí bainistíochta siúlóide áitiúla agus le hÚdaráis Áitiúla ar son na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

[1]Sainmhínítear Sealbhóir/Úsáideoir Talún mar dhuine a bhfuil seilbh agus úsáid fhadtéarmach d'fhoirgnimh nó de thalamh ina sheilbh nó ina seilbh mar chúiteamh ar íocaíocht shonrach.

3. Más rud é go bhfuil an talamh ar teachtadh faoi léas beidh an scéim iníoctha leis an úinéir talún nó leis an sealbhóir/úsáideoir talún ach ní bheidh sí iníoctha leis an mbeirt. Más rud é go bhfuil an talamh ar léas agus i gcás go bhfuil an talamh ar teachtadh ag an sealbhóir léasa ar feadh tréimhse is faide ná aon mhí dhéag, is é/í an sealbhóir léasa a bheidh i dteideal leas a bhaint as an scéim agus dearbhóidh an sealbhóir léasa go bhfuil sé/sí i dteideal déanamh amhlaidh faoin léas agus síneoidh sé/sí slánaíocht á rá sin. Más rud é go bhfuil léas ag sealbhóir/úsáideoir talún ar feadh aon mhí dhéag nó níos lú, is é an t-úinéir talún an té a bheidh i dteideal páirt a ghlacadh sa scéim agus dearbhóidh sé/sí sa tslí chéanna go bhfuil sé i dteideal déanamh amhlaidh faoin léas agus síneoidh sé/sí slánaíocht á rá sin. Más rud é go bhfuil an léas ann ar feadh aon mhí dhéag nó níos lú agus nach mbaineann an t-úinéir talún leas as an scéim, féadfaidh an sealbhóir/úsáideoir talún páirt a ghlacadh sa scéim.

4. Scéim náisiúnta a bheidh inti agus d'fhéadfaí í a chur i bhfeidhm ar na Slite Náisiúnta Slímharcáilte agus ar na Bealaí Siúlóide Lúibe go léir atá ann. Tharlódh, amach anseo, go dtabharfaí Slite Náisiúnta Slímharcáilte nua, Slite Lúibe agus Bealaí Oidhreachta san áireamh sa scéim chomh maith le cosáin eile a d'fhéadfadh a bheith ann, faoi réir ag comhaontú áitiúil a fháil agus bunaithe ar an ngá a bheadh ann go háitiúil agus a luachmhaire is a bheadh sé don phobal áitiúil agus chomh fada is go mbeadh faomhadh Oifig na gCosán Náisiúnta faighte dóibh.

5. Mairfidh na comhaontuithe ar feadh 5 bliana agus rachaidh íocaíochtaí i dtreo obair forbartha, feabhsaithe agus chothabhála a bheadh leagtha amach do na bealaí aitheanta agus comhaontaithe siúlóide.

6. Beidh fógra sé mhí riachtanach sula bhféadfaidh rannpháirtí iarratas a dhéanamh an scéim a fhágáil. D'fhéadfadh go gcaithfí bealach a athrú nó deireadh a chur le bealach le himeacht aimsire agus tabharfar fógra sé mhí faoi athrú den sórt don rannpháirtí. Forchoimeádann an Roinn an ceart chuici féin tarraingt siar as an scéim in imthosca den sórt.

7. I gcás go n-ardófaí ceist faoi roghnú agus faoi fhaomhadh bealaigh lena chur san áireamh sa scéim, cuirfear an cheist sin ar aghaidh chuig foghrúpa de Chomhairle na Tuaithe lena breithniú.

8. I gcás go mbeadh talamh ar teachtadh i gcoimíneacht agus i gcás go ndéanfadh daoine a bhfuil leas acu sa cheantar céanna coimíneachta iliomad iarratas chun oibreacha a dhéanamh ann, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:
(i) Comhaontófar plean oibre amháin don cheantar coimíneachta faoi réir fhorálacha na scéime.
(ii) Roinnfear na huaireanta oibre a shaineofar a bheith cuí don cheantar coimíneachta go cothrom idir na daoine aonair go léir a bhfuil leas acu sa talamh agus a chuir iarratas isteach.
(iii) Beidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla (CLFÁ) freagrach as fógra a thabhairt do gach iarratasóir faoin líon uaireanta oibre as a mbeidh íocaíocht le fáil acu agus is í a bheidh freagrach as an obair a roinnt idir na rannpháirtithe.

Iarratais chun bheith Rannpháirteach sa Scéim

9. Scéim náisiúnta a bheidh inti agus beidh sí i bhfeidhm ar na Slite Náisiúnta Slímharcáilte agus ar na Bealaí Siúlóide Lúibe go léir atá ann faoi réir ag faomhadh a bheith faighte ó na húinéirí talún. Tharlódh, amach anseo, go dtabharfaí Slite Náisiúnta Slímharcáilte nua, Slite Lúibe agus Bealaí Oidhreachta san áireamh sa scéim chomh maith le cosáin eile a d'fhéadfadh a bheith ann ach iad a bheith faofa ag Oifig na gCosán Náisiúnta.

10. Comhaontóidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla i gcomhar leis an gCoiste Bainistíochta Siúlóide Áitiúla dréacht-phlean oibre leis an rannpháirtí bunaithe ar threoirlínte Oifig na gCosán Náisiúnta agus cinnfidh siad na hábhair a theastóidh chomh maith leis na huaireanta a mheasfar a bheidh riachtanach chun na hoibreacha a chríochnú. (Beidh ar chumas Oifig na gCosán Náisiúnta eolas/treoir a thabhairt faoi na bunchaighdeáin a bheidh riachtanach agus beidh siad ábalta treoir a thabhairt maidir le dréacht-phlean don obair feabhsaithe agus chothabhála a chur i dtoll a chéile).

11. Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sásta na hábhair a sholáthar do na réimsí sin den bhealach siúlóide a thrasnaíonn talamh príobháideach.

12. Iarrfaidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla, tar éis dóibh an fhoirm iarratais líonta amach go hiomlán/plean oibre a bheith faighte acu, ar Oifig na gCosán Náisiúnta a dheimhniú go bhfuil an dréacht-phlean don obair forbartha, feabhsaithe agus chothabhála ag comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha amach i dtreoirlínte na hOifige.

13. Tar éis faomhadh a bheith faighte ó Oifig na gCosán Náisiúnta maidir leis an bhfoirm iarratais/plean oibre deimhneofar liosta de na hiarratasóirí siúd a mbeidh faomhadh faighte dá bpleananna oibre leis an gCuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla iomchuí chun iad a thabhairt san áireamh sa scéim.

14. Déileálfaidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla i gcomhar leis an gCoiste Bainistíochta Siúlóide Áitiúla, le gach rannpháirtí maidir le hobair riaracháin agus chomhordaithe na scéime.

15. Is í an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla a bheidh ag riar na n-íocaíochtaí go léir.

16. Síneofar conradh idir an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla agus an rannpháirtí.

Árachas/Slánaíocht

17. Leanfaidh an tÚdarás Áitiúil atá freagrach nó an Coiste Bainistíochta Siúlóide Áitiúla iomchuí ar aghaidh ag soláthar árachais i gcomhair úsáid áineasa na talún d'fheirmeoirí/d'úinéirí talún a thúisce is a bheidh cigireacht déanta ar an mbealach siúlóide agus faomhadh Oifig na gCosán Náisiúnta faighte. Beidh na bealaí siúlóide faoi réir ag cigireacht bhliantúil ag duine aonair a bheidh cáilithe go cuí agus a bheidh ceaptha ag Oifig na gCosán Náisiúnta chun a chinntiú go gcoinneofar le caighdeáin.

Íocaíocht

18. Gheobhaidh rannpháirtithe, nuair a ghlacfaidh siad páirt sa scéim, 50 faoin gcéad den chostas saothair i dtús báire go bliantúil chun na hoibreacha cothabhála/feabhsaithe/forbartha a dhéanamh agus íocfar an t-iarmhéid 6 mhí níos déanaí.

19. Ríomhfar an íocaíocht ar an líon uaireanta aontaithe in aghaidh na bliana mar a bheidh sonraithe sa phlean oibre, ag ráta "féinsaothraithe" atá i bhfeidhm ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar an scéim feabhsúcháin feirme.[2] Cé go meastar go mbeidh gá le 50 uair, ar a laghad, in aghaidh na bliana chun an chothabháil is lú a dhéanamh ar na cosáin ní íocfar níos mó ná 200 uair a' chloig. I gcás nár leor an líon uaireanta sin féadfaidh an Grúpa Gnímh Áitiúil nó an tÚdarás Áitiúil aon obair bhreise a dhéanamh tríd an Scéim Shóisialta Tuaithe ach comhaontú a fháil roimh ré ón sealbhóir talún. D'fhéadfadh go mbeadh athrú air seo i gcásanna ina mbeadh na tailte faoi úinéireacht lear mór daoine.

[2]Is €14.50 in aghaidh na huaire an ráta atá i bhfeidhm faoi láthair.

20. Cinnteoidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla go mbeidh na hoibreacha aontaithe curtha i gcrích de réir caighdeán sásúil sula ndéanfar an íocaíocht dheiridh.

21. Féadfaidh gach úinéir talún a ligeann cead a thalamh/a talamh a úsáid na hoibreacha riachtanacha go léir nó cuid díobh a dhéanamh é/í féin nó féadfaidh sé/sí ligean do dhaoine eile cosúil leis an Scéim Shóisialta Tuaithe/eile (conraitheoir, grúpa pobail áitiúil agus araile) na hoibreacha a dhéanamh.

22. I gcásanna nach mbeadh an t-úinéir talún ábalta oibreacha suntasacha feabhsaithe/forbartha a dhéanamh d'fhéadfadh an t-úinéir talún cead a thabhairt do rannpháirtithe na Scéime Sóisialta Tuaithe/eile (conraitheoir, grúpa pobail áitiúil agus araile) an obair sin a chríochnú agus d'fhéadfadh an t-úinéir talún ansin conradh cothabhála a ghlacadh air/uirthi féin.

Treoir Chothabhála

23. Tá dréacht-treoir chothabhála i gcomhair cosáin siúlóide Oifig na gCosán Náisiúnta le fáil in AGUISÍN I.

Aguisín 1

Treoir Chothabhála na gCosán Siúlóide.
Treoir do Chuideachtaí Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla, do Choistí Bainistíochta Siúlóide Áitiúla agus d'fheirmeoir/úinéirí talún agus iad ag ullmhú Pleananna i gComhair Obair Chothabhála agus Feabhsaithe ar na Cosáin atá i gceist leis an méid seo a leanas.

Cuirfidh an Chuideachta Lánpháirtithe Forbartha Áitiúla i gcomhar leis an gCoiste Bainistíochta Forbartha Áitiúla agus feirmeoirí/úinéirí talún rannpháirteacha na Pleananna i gComhair Obair Chothabhála agus Feabhsaithe ar na Cosáin i dtoll a chéile.

Cuirfear Pleananna i gComhair Obair Chothabhála agus Feabhsaithe ar na Cosáin i dtoll a chéile tar éis cuairt a bheith tugtha ar shuíomh /measúnú a bheith déanta ar an obair chothabhála agus is cóir go n-áireofaí iontu na hoibreacha go léir atá aontaithe, a mhinice is a bheidh na hoibreacha ag teastáil agus an t-am den bhliain ar chóir an obair a dhéanamh.

Is cóir na Pleananna go léir i gComhair Obair Chothabhála agus Feabhsaithe ar na Cosáin a bheith comhsheasmhach agus is cóir nach mbeadh iontu ach an obair:

a. Atá riachtanach agus a chuirfidh le caighdeán agus le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an bhealaigh/an chosáin siúlóide
b. A aontaíonn na húinéirí talún/na feirmeoirí rannpháirteachta a dhéanamh.
c. A thugann an oidhreacht áitiúil agus an fiadhúlra san áireamh.

Rachaidh Oifig na gCosán Náisiúnta i mbun cigireacht bhliantúil ar gach cosán/bealach siúlóide a bheidh san áireamh sa scéim.

Treoir ghinearálta:

- Is gá cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh go rialta ar fhad iomlán an chosáin taobh istigh den cheantar atá faoi chúram gach feirmeora/úinéara talún chun a chinntiú go bhfuil an bealach marcáilte go soiléir, saor ó aon bhac, saor ó aon

chreimeadh a bheadh ag tarlú agus chun obair chothabhála a phleanáil chomh maith.

- Beidh sé riachtanach go mbeidh gach ábhar a bheidh riachtanach don chosán aitheanta agus léirithe go soiléir. Ní mór go mbeadh athsholáthar nó tógáil dromchlaí/troscán sa chaoi is go mbeadh siad marthanach agus/nó sa chaoi is nach mbeadh obair mhór chothabhála le déanamh orthu.

- Ní mholann Oifig na gCosán Náisiúnta sconsa a chur idir an cosán agus gnáthgharraithe/tailte talmhaíochta ach amháin i gcás go n-iarrfadh an feirmeoir/an t-úinéir talún go sonrach déanamh amhlaidh nó go measfaí an céanna a bheith riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht úsáideoirí na gcosán.

- D'fhéadfaí na tascanna seo a leanas a thabhairt isteach sna Pleananna i gComhair Obair Chothabhála agus Feabhsaithe ar na Cosáin a bheadh ag feirmeoirí/úinéirí talún a bheadh ag glacadh páirte sa scéim.

1. Ceanglais na Gnáthscéime:

- An cosán a scrúdú in aghaidh na míosa
- Measúnú Tosaigh ar an Suíomh
- A bheith i gcomhluadar Cigire Cosán agus é/í ag déanamh cigireachta ar an gcosán (uair sa bhliain)
- Oiliúint (roghnach)

Am Measta: D'fhéadfadh idir 16 uair (2 Lá) go 48 uair (6 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

2. Fásra ar na Cosáin a ghlanadh

- Fásra a bheadh ag dul sa bhealach ar mharcóirí, strapaí agus droichid agus ar an gcosán a ghearradh anuas – 2/3 uair sa bhliain.
- Fálta sceiche a ghlanadh/a ghearradh siar uair/faoi dhó sa bhliain (idir 1 Meán Fómhair agus 1 Feabhra)

Am Measta: D'fhéadfadh idir 16 uair (2 Lá) go 64 uair (8 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

3. Obair Chothabhála i gcás go mbeadh Uisce ar na Cosáin

- Draenacha nua a thochailt
- Draenacha nua a sheiceáil/a ghlanadh i ndiaidh tuilte
- Oibreacha beaga deisiúcháin a dhéanamh ar dhraenacha atá ann cheana - draenacha nó claiseanna a bheadh lán le salachar nó láib a ghlanadh amach.
- An t-uisce a choinneáil den chosán trí lintéir agus barraí uisce a thógáil nó a leagan air

Am Measta: D'fhéadfadh idir 16 uair (2 Lá) go 40 uair (5 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

4. Oibreacha Cothabhála ar Dhromchlaí

- D'fhéadfaí damáiste beag a tharla do dhromchlaí a dheisiú nuair ba ghá sin
- D'fhéadfadh go gcaithfí dromchlaí nua a chur ar chosáin go tréimhsiúil, ag brath ar an gcineál dromchla a bheadh i gceist
- Ábhar scoite nó salachar a ghlanadh den chosán
- D'fhéadfaí clocha cora nó "Droichid Phortaigh" (mar shampla trasnáin) a leagan thar phaistí fliucha talún
- Obair chloiche a bheadh bogtha nó tarraingthe amach ag uisce a chur ar ais ina háit
- Dromchlaí a bheadh tarraingthe amach ag uisce nó a bheadh creimthe nó cruaite a leagan arís agus araile
- Fód nua a chur ar chosáin a bhíonn ag trasnú bealach siúlóide, nó aicearraí agus lánaí nach bhfuil ar an gcosán, nó bac a chur ina mbealach.
- Sraitheanna cloiche/cora cloiche a leagan

Am Measta: D'fhéadfadh idir 32 uair (4 Lá) go 80 uair (10 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

5. Monatóireacht & Cothabháil a dhéanamh ar Dhéanmhais:

Is cóir cigireacht rialta a dhéanamh ar dhéanmhais cosúil le droichid, strapaí, cuaillí marcála, ráillí láimhe agus geataí agus d'fhéadfadh gur chóir na nithe seo a leanas a dhéanamh.

- Marcóirí agus comharthaí treorach nua a chur in áit marcóirí agus comharthaí treorach a bheadh ar iarraidh, a mbeadh damáiste déanta dóibh nó a bheadh briste.
- Méara eolais a chur in ionad méara eolais a bheadh ar iarraidh, a mbeadh damáiste déanta dóibh nó a bheadh briste nó iad a dheisiú.
- Cóta nua péinte a chur ar mharcóirí, geataí agus araile
- Strapaí, geataí, sconsaí agus ballaí cloiche a mbeadh damáiste déanta dóibh a dheisiú
- Salachar a bhaint de mhéara eolais, de chláir eolais nó iad a ghlanadh.

Am Measta: D'fhéadfadh idir 16 uair (2 Lá) go 80 uair (10 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

6. Bruscar a Bhailiú

- Bruscar a bhailiú

Am Measta: D'fhéadfadh idir 16 uair (2 Lá) go 64 uair (8 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana

7. Tírdhreachú an Chosáin

- Sconsaí sealadacha a thógáil (chun beostoc a choinneáil den chosán) nó beostoc a athrú go háit éigin eile
- Síolta a chur an athuair

Am Measta: D'fhéadfadh idir 0 uair (0 Lá) go 48 uair (6 Lá) a bheith i gceist in aghaidh na bliana.

8. Oibreacha Cothabhála Eile a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

- Cóta nua péinte a chur ar strapa
- Strapa a chrochadh
- Marcóir a chrochadh
- Cláir a ghreamú de mharcóirí
- Marcóir a chur ina sheasamh arís
- Cuaille 3 mhéadar a chrochadh
- Cuaille 3 mhéadar a chur ina sheasamh arís
- Méar eolais a ghreamú
- Cóta péinte a chur ar an mbealach siúlóide
- Lucht siúlóidí a chur ar an airdeall faoi mhadraí
- Líontán a ghreamú de dhromchlaí adhmaid
- Cóta péinte a chur ar dhroichid
- Caoi a chur ar an gCosán
- Caoi a chur ar an bhFál sreinge
- Caoi a chur ar an mBalla cloiche
- Caoi a chur ar gheataí
- Cóta péinte a chur ar gheataí
- Fál leictreach a athrú go háit éigin eile
- Feadánra a fheistiú ar fhál leictreach
- Comharthaí rabhaidh faoin bhfál leictreach a chrochadh